GLEANN COLMCILLE

Is nuaiḋeaċt bainnis i gcónaí is nuaiḋeaċt mór insan iarṫar agus insan Gaeltaċt é áit naċ dtig siad ró minic, le tamall anois. Ba mór an nuaiḋeaċt i nGleann-colmcille nuair a pósaḋ beirt ḋeirḃṡiúraċa, an lá céanna. Aċ, sé an trua é naċ sa baile i nGleanncolmcille, a pósaḋ iad aċ i dTeaċ Pobail, an Craoi Ró-Naofa, Cilburn, London. Pósaḋ Máire Bríd Ní Ḃeirn agus Mairéad Ní Ḃeirn, iníon is sine agus dara iníon de Séamas Ó Beirn, agus Máire Ní Ḃeirn, naċ maireann, Fánaid, Gleanncolmcille.

Pós Máire Bríd Cenneth Dáibis, aon-mac Seoirse Dáibis agus a ḃean, Abbothill, Hampstead, Herts., agus pós Mairéad Micéal Mac Ragnaill, dara mac do Seán Mac Ragnaill agus a ḃean, Greallaċ, Caisleán Riabaċ, Co. Roscomáin. An tAṫair Mac Searcaigh, S.P., Croí Ró-Naofa, a pós iad le hAifreann an Pósta agus Beannaċt an Pápa. Ċuaiġ a n-aṫair, Séamas Ó Beirn go Sasain go speisialta fá coinne an tearmanas. Bí an beirt bríḋeog ag caiṫeaṁ gúnaí lán-faḋ de lása bán, os cionn satin, le béil go dtí na guailneaċa agus iad ag iompar bláṫfleasc de rósaí dearg agus bán. Tá an dá lánúin ag caiṫeaṁ mí na meala ins na Channel Islands.

Ag an ċéad ċruinniú de Cumann Baintreaċt na Tuaiṫe, Gleann-colmcille, cinneaḋ go mbeaḋ an ċéad féasta lá breiṫe i halla Muire, Caiseal, oíċe Saṫarn, an 27ú lá de mí na Samna, seaċtain ón Saṫarn seo ċugainn.

Comġáirdeas le Príomh-Comċéadaí an Teaċ Soluis nua Cish, i gCuan Baile Áṫa Cliaṫ. Seán de Róiste, a bí ina príomh-comċéadaí ar an teaċ soluis i Raċ-lainn Ó Beirn, le trí bliana anuas.

Táinig feabas ar an éileaṁ do stoc agus na luaċa orṫa insan ċeanntar seo le tamall anuas. Rud a bí le feiceáil ar aonaċ Ċill Ċárṫa, nuair a bí na luaċa níos airde ná bí le tamall. Sin is eile, fágaḋ cuid den eallaċ a bí ar tairiscint gan díol. Ċuaiġ eallaċ stór ramar £57 anuas go dtí £68. £55 an pragas ab' airde a tugaḋ ar ba ionlaoiġ, agus cinn eile ó £45-£50; gamna bliana ó £28 - £35 agus gamna óga ó £0 - £15.

Ag an cluiċe fuist seaċtainiúil i halla Muire, Caiseal, fuair Maitiú Ó Moclair, Málainn Beag an ċéad duais agus do na fir — 1, P. Mac Fionnlaoiċ; 2, Colm Ó Gaora, Mín Dub. Mná — 1, S. Ó Baoill, O.S.. Málainn Mór; 2, Bernadette Nic Fionnlaoiċ, Caiseal. Duaiseanna speisialta: Seán Ó Cuinneagáin, Caiseal, agus an Sáirsint Ó Ségaḋa.

Cúis bróin insan páraiste ar fad, an scéala go dtáinig an bás ar Bríd Ní Riain, Eoċara, Teilionn, Carraig, céile Seán Ó Riain. Ní raiḃ sí na trí-scór. Táinig sí de teaġlaċ an measúil i nDún na nGall Tiar Teas, iníon do Seán Ó Liaṫáin agus Bean Uí Liaṫáin, Rann na Cille. Níḋear comḃrón len a fear céile, deartáraċa, deirḃṡiúraċa agus gaolta. Ċuaiġ an tórraṁ go Teaċ Pobail Naoṁ Columba, An Carraig, áit ar léiġ an tAṫair S. Ó Beirn, S.C., Aifreann Marḃ.

D'éiriġ go h-iontaċ maiṫ leis an basár bliantúil ar feaḋ ceiṫre oíċe an tseaċtain seo caiṫe, i halla Muire. Bí slua mór i láṫair cé naċ raiḃ an aimsir iontaċ foirstineaċ. Coiste briomar fuinniúil, faoi treoir an tAṫair S. Mac Duibir, S.C., a d'éagraiġ an basár. Tug an tAṫair Mac Duibir buíoċas do na daoine a ċabraiġ agus ċuir sé fáilte roiṁ na daoine a táinig ċuiġ an ċruinniú.

Bí slua iontaċ mór ar fad ag an ċéilí bliantúil faoi Ċoimirce Craob Donnċa Mic Nialas, de Sinn Féin, i halla Muire. Táinig na damhseoirí ó gaċ cearn de Ṫirċonaill. Banna Ceoil Risteárd Mac Gearailt a tug an ceol. Baineaḋ sult ar dóiġ ar na h-amhráin Gaeilge a ceol Caitlín Nic Gearailt. Aċ, cad ċuige gur ċeol sí amhráin Béarla. S. Ó Néill, Béal Áṫa Seanaiġ, a bí mar fear-a-tí, agus Aoḋ Ó Baoill, Mín na Saileaċ, Gleann-colmcille, ag cabrú leis. Tug S. Ó hEanaiġ, rúnaí an coiste eagraiṫe, buíoċas.

CONNRAḊ NA GAEILGE I LEITIR CEANAINN

Bí an cruinniú cinn-bliana de ċoiste ceantair Leitir Ceanainn de Ċonnraḋ na Gaeilge, insan óstán Lár nuair a bí ionadaiṫe i láṫair ó Dúnfeannċaí, Bealaċ Féiċ, Leitir Ceanainn agus Conbuí.

Dúirt an Rúnaí, Antoine Mac Gabann, go raiḃ sé ceiṫre bliana ó bunaíoḋ an coiste agus cé go ndearna siad rud éigin, bí cuid mór le déanaṁ fós. Aċ, d'éiriġ go maiṫ adúirt sé leis an Féile Drámaíoċta a bí i Leitir Ceanainn, i Márta, den ċéad uair, agus leis an dinnéar agus caidreaṁ a bí ann i nGort a' Ċoirce i mBealtaine.

Bí an pobal iontaċ fial leo in bailiúċán na teangan, adúirt sé. Tráċt an tUasal Mac Gabann ar a laġaḋ a bí á déanaṁ ag cuid de na craobaċa insan ċeantar, agus dúirt go gcaiṫfeaḋ siad déanaṁ níos fearr an bliain seo ċugainn.

Toġaḋ: Caṫaoirleaċ: Seán Mac Loingsiġ, Conbuí. Rúnaí: Antoine Mac Gabann. Cisteoir: Éamonn Ó Canainn, Dún Feannċaí.

Toġaḋ iad d'aon guṫ ar moladh Séamas Ó Ragallaiġ, Dún Feannċaí agus Aoḋ Ó Baoill, Srait an Urláir.

Cinneaḋ go mbeaḋ an Féile Drámaíoċt ar an 25ú, 26ú agus 27ú Feabra, an bliain seo ċugainn.

Bí sé i gceist acu a iarraiḋ ar an Tiarna Easpag an Dr. Sár Oirmhinneaċ Mac Fiteille, an féile a oscailt, agus ar Rai Mac An Aili, a beiṫ mar moltóir.

Bí díospóireaċt fá moladh Comaltas Ulaḋ, go dtógfaí sagas éigin leac cuiṁneaċáin ar 1916 in aice leis an Taibḋeárc i nGaoṫ Dobair. Beaḋ 10 gconbaeċa ceangailte leis an leaċt, agus bíoḋar ag súil le £1.000 a tógáil. Molaḋ aṁáin go mbeaḋ sagas Garraí Cuiṁneaċáin, ann aċ ní raiḃ aon breiṫ cinnte tugṫa go fóill.

NA GLEANNTAÍ

Ag freagairt ceiste sa Dáil ó Pádraig Ó Domhnaill, T.D., dúirt P. Ó Dranáin, Rúnaí Parliminte don Aire Rialtas Áitiúil, go bfuarṫas tairiscint fá coinne an scéim uisce do ceantar réaġúnaċ na Gleanntaí, Árd a' Ráṫa, agus go bfuair ag iarratas fá coinne iasaċt airgid don obair, ar an 6-10-65. Béarfaí breiṫ ar an dá ċeann gan ṁoill.

IORRAS

Tá droċ ċaoi ar fad ar bóṫar Imleaċ Beag ó fágas sé an príoṁ bóṫar condae, idir Fód Dub agus Béal an Muirṫid amaċ go dtí Imleaċ Beag Tuaiḋ. Tá sé uafásaċ ar fad, agus is deacair do daoine a tuiscint coṁ dona agus atá sé muna dtéann siad air iad féin. Is minic a téann luċt súil sios go dtí na glúine ins na poill, agus ní mór de gluaisteáin agus rotair a beiṫ ag dul coṁ mall agus go dtiocfaiḋ le fear siúl coinneáil suas leo. Tá 9 dtiṫe de feilméaraí a bfuil dul ċun cinn agus cur 'un tosaí iontú, ar an tsraiḋbaile seo, agus níl siad ag brat cur suas lena leiṫéid seo a tuilleaḋ. Is ar an bóṫar seo a ċaiṫfiḋ siad dul ċuiġ an Uaċtarlann, coṁ maiṫ. Táṫar ag iarraiḋ ar Ċoṁairleoirí Condae, agus Teaċtaí Dála an ċeantair, rud éigin a déanaṁ faoi.

Bí diomá ar foireann agus tacadóirí Béal an Muirṫid nuair a ċuala siad naċ raiḃ foireann Aċla ábalta teaċt ċun Béal an Muirṫid a imirt. Aċ, de réir ċosúlaċt, beiḋ cluiċí go leor go ceann tamaill anois. Dé Domhnaiġ seo ċugainn, an 21ú lá, beiḋ Béal an Muirṫid ag imirt i gcoinniḋ Aċla ag Béal an Muirṫid i gcluiċe cáirdiúil. An Domhnaċ na diaiḋ sin, beiḋ siad ag taisteal go Burrishoole san ċéad babta léig sinnsear Muiġeo Tuaiḋ. Agus coicís ón lá sin, beiḋ siad sa baile, ag imirt i gcoinniḋ Baile an Tobair, san dara babta den léig céanna ar an ċéad Domhnaċ de mí na Nollag.

Cúis bróin an mór sa gceantar an scéala táinig an tseaċtain seo caiṫe, go bfuair Seán Ó Máirtín bás go tubaisteaċ i dtaisme gluaisteán, ag dul ċuiġ damhsa i Luimneaċ oíċe Domhnaiġ. Bí aiṫne maiṫ air anseo, mar mac é do Bainisteoir an Banc Náisiúnta i mBéal an Muirṫid, agus i mBéal an Muirṫid a rugaḋ é.

Tá Co.C. Muiġeo tareis £12.000 a ċur i leaṫ-taoḃ fá coinne deisiú ar an bóṫar ó Beanncor fríd Mount Júbaile go dtí Gaoṫ Sáile, agus beiḋ an obair ag tosaiġ an mí seo ċugainn.

Bí an bás gnóṫaċ i gceantar Iorrais le tamall, agus d'fág sé cáirde agus comharsanaí brónaċ ina ndiaiḋ.

Orṫa sin a d'éag bí Cáit Ní Bairéad (Antoine) ag tí cónaí Flin, in Log Mór, Béal an Muirṫid. Bí árd meas uirṫi féin agus ar a teaġlaċ ar dioḃṫa í. Ċuaiġ an socraiḋ ó Séipéal Béal an Muirṫid go dtí reilig Ċarn tareis Aifreann na Marḃ.

Ar Aoine na seaċtaine céanna, d'éag Seán Mills, ag a ċónaí féin, ag Gort Mile, Bárr na Trá Íoċtar, in aois a 82 bliana. Bí ċuile duine go maiṫ dó. Tugaḋ an corp go dtí Séipéal Inbear, áit ar léiġ an tAṫair Ó Loingsiġ, S.C., Aifreann na Marḃ, agus ċuaiġ an socraiḋ go dtí reilig Gleann Baisleán. Níḋear comḃrón lena mac, iníon agus gaolta.

Comġáirdeas le foireann mionúr Béal an Muirṫid a buaiġ go h-éasca ar Ċill Mór le scór 5-3 le 2-5 insan cluiċe leaṫ-ceannais de léig mionúr Iorras. San líne leaṫ-cúl leagaḋ an dúsraiċe fá coinne an bua do Béal an Muirṫid, agus níor féaḋ Muintir Ċill Mór ariaṁ dul tríd an líne seo. Bí Béal an Muirṫid níos gaiste agus níos ceirdiúla ar gaċ slí.

...Tá cúrsaí láṁaiġ ag dul go maiṫ i gceantar Béal an Muirṫid, agus tá luċt láṁaiġ anseo ag déanaṁ go maiṫ.

AĊAILL

Tá ag éirí réasúnta maiṫ le cuid bádaí Aċla. Bí ceiṫre cinn acu ag iascaireaċt le céile an tseaċtain seo caiṫe, agus in aon oíċe aṁáin, oíċe Ḋiardaoin, tóg siad 350 cran. Aċ, cé gur díolaḋ roinnt de na scadáin san áit, b'éigin de na tráiléirí tromlaċ a tabairt go Caṫair na Mart, toisc naċ raiḃ an gaoṫ le dul isteaċ go dtí Cuan Portrín. Is go Ciarraí a cuireaḋ an tromlaċ den last a cuireaḋ i dtír i gCaṫair na Mart. Tá sé i bfad ṫar am go ndéanfaí leaṫnú agus deisiú ar an céid ag Pointe Dairbre, an t-aon áit a bfuil cuan sábáilte in Aċaill.

Comġáirdeas le Micéal Ó Baoill, B.A., ar bronnaḋ an céim air i gColáiste Ollscoile na Gaillime an tseaċtain seo caiṫe. Tá sé ag teagasc i Scoil Damnait, Gob a' Ċoire.

Tá na ranganna oíċe fá lán-tseol i lua-scríbinn agus clóscríbinn insan Gairmscoil i gCaiseal.

Ag cruinniú de foireann Aċla, de Ċumann Lúṫċleas Gael, Dé Céadaoine, cuireaḋ rún comḃrón i bfeiḋm le fear céile agus teaġlaċ Bean Mhic Páidín, Dúgort.

An peileadóir is fearr ar an foireann, sin gradam a tugaḋ do Pádraig Cillbán, Poll Raiṫne, ag Cumann Lúṫċleas Gael, Gob a' Ċoire. Séamas Ó Muirí, Dún Inbear, a fuair an gradam seo in 1964, agus Tomás Ó Caipeartaiġ, Caiseal, in 1963.

Cúis bróin sa ċeantar, bás Eoin Mac Fionntaiġ, Sraiṫín, in aois a 83 bliana. Ní raiḃ an tsláinte ró maiṫ aige le tamall. Tugaḋ an corp go séipéal Gob a' Ċoire, tráṫnóna Dé Saṫairn, agus ċuaiġ an socraiḋ ó sin tareis Aifreann deireanaċ Dé Domhnaiġ, go dtí reilig na h-áite.

Níḋear comḃrón lena bean-ċéile, Máiréad, a ceaṫrar mac, Micéal, Antoine, Eoin agus Tomás, agus a ceaṫrar iníonaċ, Bean Uí Perri, Bean Mhic Fionntaiġ, Bean Mhac an Máistir agus Bean Uí Gallċobair, agus a deirḃṡiúr, Bean Uí Dúgáin, Easléim.

Beirt a ċoiṫ tamall sa baile ó Meiricea, sea Eneas Mac an Ultaiġ, agus Denis Patton, as Sáilia. Bí an tUasal Mac an Ultaiġ sa baile dá bliain ó śin, aċ seo an ċéad uair don Uasal Patton le daċad bliain.

Comġáirdeas le beirt de ċuid peileadóirí Aċla, a pósaḋ an tseaċtain seo caiṫe, Seán Cillbán, mac is sine do S. Cillbán agus a ḃean, Pollraiṫne, a pósaḋ i Sasana le cailín as Co. Sligiġ, agus Micéal Ó Gallċobair, mac le S. Bean Uí Gallċobair, agus Antoine Ó Gallċobair, naċ maireann, Eoċas Mór, agus Póilín Ní Gallċobair, iníon do Caitlín Bn. Uí Gallċobair, agus Seán Ó Gallċobair, naċ maireann, Eahléim, a pósaḋ i mBaile Áṫa Cliaṫ.

D'fág triúr cailíní as an ċeantar seo, Ann Needham, Gleann Daire, M. Ní Gallċobair, Sáilia, agus Bríd A. Nic an Ultaiġ, Sáilia, le dul go dtí an Gearmáin, Dé Luain seo caiṫe, áit a gcaiṫfiḋ siad sé-mí ar cúrsa bainistíoċt tí ósta.

FÁNAID

Fá deire ṫiar ṫall, indiaiḋ iomlán na cainte, agus tareis ar scríobaḋ faoi, tá scéim réaġúnaċ uisce Fánaide ar siúl. Seaċtain ó śin, táinig muintir Baldwin, conraitóirí as Dúndealgan, insan ċeantar leis na gléasraí is úr nua, agus tá oifig sealadaċ foscailte acu in Ros na Cille. Tá an obair ar siúl anois ar an córas uisce.

Ag cluiċe fuist in halla Naoṁ Muire, Ceanndroma, tá seaċtain ó śin, b'iad na duaiseoirí — Susan Nic Giolla Ċearra, Seanbaile; Dónal Mac Suibne, Baile Úr; D. Mac Oireaċtaiġ, Tulaċ Conaill; Seosaṁ Mac Greannaċáin agus Seán Ó Máirtín, Dumaċ.

Tá bualaḋ an ċoirce faoi lán-tseol i gceantar Ceaṫrú Caol agus Fánaid, agus in aineoin an droċ séasúr, tá aċan ċosúlaċt ann go bfuil bárr maiṫ grán ann.

Ní raiḃ ariaṁ sa ċeantar seo, luaċ coṁ h-árd á iarraiḋ agus tabairt fá coinne suí talaṁ, agus an áit a bfuil talaṁ maiṫ tá sé a' dul ó £25 go dtí £30 an t-acra fá coinne curaíoċta.

Tá Muintir Stiobáird, in Ceaṫrú Caol, agus Mt. Tuamaiġ in Raṫ Maoláin, ag ceannaċt préataí póir de Aran Banner agus sagasanna eile, le cúpla seaċtain. Táṫar á gcur amaċ fríd Raṫ Maoláin agus Doire, go Sasain agus an Spáinn.

Ní raiḃ aonaċ ró maiṫ ar an Ceaṫrú Caol agus níor díolaḋ a raiḃ ar tairiscint. Ċuaiġ ba ionlaoiġ, ó £50-£67-10s. Eallaċ óg 2-3 bliana timpeall £60 agus eallaċ stór 1-2 bliana ó £35-£45. Ní raiḃ mórán caoirí ar tairiscint, aċ ċuaiġ uain waiṫe ó 70s. go dtí £5 an ceann. Ní raiḃ mórán éileaṁ ar banbáin, ar luaċa ó 60s. go 80s.

MÚINTEOIRÍ GAIRME I MUIĠEO

Ag freagairt ceiste sa Dáil, ó Pádraig Ó Loingsiġ, T.D., dúirt Seoirse Ó Colla, T.D., Aire Oideaċais, naċ bféadfaí údarás a tabairt fá coinne ceapaḋ triúr múinteoirí adhmadóireaċt agus miotalóireaċt, a mol Coiste Gairm-Oideaċais Muiġeo, toisc go raiḃ sé sin níos mó ná an méid a ceaduiġḋ dóiḃ a ceapaḋ do na múinteoirí seo.

CLOĊÁN LIAṪ

Dalta aċan áit eile, tá an dinnéar agus oíċe caidriṁ ag éirí faisiúnta ins na Rosa coṁ maiṫ. Dé Saṫairn seo caiṫe, bí dinnéar bliantúil agus oíċe caidriṁ ag Fine Gael ins na Rosa i dTeaċ Ósta Mhic Suibne, an Cloċán Liaṫ. A. Ó Dranáin, Dobair, a tug an ceol, agus ar daoine eile a ċabraiġ insan clár ċuireaḋta, bí Muiris Reid, Bean P. Ó Domhnaill agus Bean Muiris Reid. Tug P. Ó Domhnaill, T.D., buíoċas do na daoine a táinig ċuiġ an ċoirm.

Ar Ḋiardaoin na seaċtaine seo bí dinnéar agus oíċe caidriṁ ag Cumann nua-bunaiṫe Slat-Iascairí na Rosan i dTeaċ Ósta Mhic Suibne. Seo an ċéad ċoirm den ċineál seo a bí ag an Ċoṁluċt, agus tá pleananna acu fá coinne forbairt a déanaṁ ar cuid loċanna agus aibneaċa na Rosan, de ṫair-de slat iascaireaċt de. Bí an Dr. Seán Ó Domhnaill, leas-ċaṫaoirleaċ, i gceannas. Ag an cruinniú miosúil den A.O.H. in halla na paráiste, an Cloċán Liaṫ, agus an Dr. Seán Breatnaċ, Uaċtarán, ag gníomú mar rúnaí.

ROSMUC

Sa Dáil, d'fiafraiġ S. Mac Eoċagáin, T.D., den Aire Rialtas Áitiúil, ar tugaḋ pleananna ar bit go dtí a Roinn ó Ċoṁairle Condae na Gaillime fá coinne leaṫnaiṫe breise don córas uisce ag Rosmuc? Dúirt P. Ó Dranáin, Rúnaí Pairliminte, naċ bfuarṫas moltaí ar bit fá coinne leaṫnaiṫe scéim uisce Ros-muc insan Roinn Rialtas Áitiúil. Ag freagairt ceiste eile ón Uas. Mac Oḋeagáin, T.D., dúirt P. Ó Dranáin, T.D., Rúnaí Pairliminte, naċ bfuarṫas moltaí ar bit ban Roinn fá coinne córas uisce do Camus, aċ an oiread.